Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 28 Samhain 2023**
**(OR. en)**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2023/0413(COD)**

**16086/23**
**ADD 5**

**AGRI 757**
**FORETS 192**
**ENV 1398**
**CODEC 2305**
**AGRILEG 318**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | An Coimisiún Eorpach |
| dáta a fuarthas: | 27 Samhain 2023 |
| chuig: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | SWD(2023) 374 final |
| Ábhar: | DOICIMÉAD INMHEÁNACH OIBRE DE CHUID AN CHOIMISIÚIN<br>ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN AR AN TUARASCÁIL AR AN MEASÚNÚ TIONCHAIR<br>a ghabhann leis an Togra le haghaidh<br>Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le creat faireacháin le haghaidh foraoisí Eorpacha athléimneacha |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad SWD(2023) 374 final.

Faoi iamh: SWD(2023) 374 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 22.11.2023
SWD(2023) 374 final

**DOICIMÉAD INMHEÁNACH OIBRE DE CHUID AN CHOIMISIÚIN**

**ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN AR AN TUARASCÁIL AR AN MEASÚNÚ TIONCHAIR**

***a ghabhann leis an Togra le haghaidh***

**Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle**

**maidir le creat faireacháin le haghaidh foraoisí Eorpacha athléimneacha**

{COM(2023) 728 final} - {SEC(2023) 384 final} - {SWD(2023) 372 final} - {SWD(2023) 373 final}

| Bileog achoimre feidhmiúcháin |
| --- |
| **Measúnú tionchair ar an tionscnamh maidir le creat faireacháin le haghaidh foraoisí Eorpacha athléimneacha** |
| **A. An gá atá le beart** |
| **Cén fhadhb atá ann agus cén fáth ar fadhb í ar leibhéal an Aontais?** |
| Is iad na príomhfhadhbanna an easpa sonraí ardchaighdeáin agus sonraí inchomparáide atá ann faoi láthair agus an easpa pleanála fadtéarmaí comhtháite ar fhoraoisí. Gan sonraí iomchuí inchomparáide maidir le foraoisí, nach bhfuil na Ballstáit á soláthar astu féin faoi láthair, ní féidir na cuspóirí beartais maidir leis an aeráid, maidir leis an mbithéagsúlacht agus maidir leis an mbithgheilleagair inbhuanaithe agus chiorclach a eascraíonn go díreach as an gComhaontú Glas don Eoraip a bhaint amach. Faoi láthair, níl sonraí foraoise iomlán, inchomparáide ná tráthúil, rud a chuireann bac ar an bhféidearthacht cinntí a oiriúnú do bhrúnna agus a chuireann bac ar fhorbairt agus ar chur chun feidhme chuspóirí agus beartais a bhaineann le foraoisí an Aontais. Tá an staid sin ag dul in olcas mar gheall ar an athrú aeráide agus gníomhaíocht dhíreach nó indíreach an duine agus athruithe gaolmhara ar úsáid talún, rud a chruthaíonn bagairt do shláinte agus athléimneacht foraoisí agus dá gcumas leanúint de sheirbhísí riachtanacha éiceachórais a sholáthar.<br>Leis an bhfaireachán reatha ar fhoraoisí atá easnamhach agus ilroinnte sna Ballstáit, cuirtear cosc ar údaráis náisiúnta agus ar an Aontas gníomhú go tráthúil i gcoinne strusairí agus bagairtí (e.g. triomaigh, stoirmeacha, inmhíoluithe ar mhórscála, agus falscaithe) a bhfuil gné thrasteorann ag baint leo. Cuireann sé cosc freisin ar bhainisteoirí foraoise, ar an tionscal adhmadbhunaithe agus ar árachóirí na tairbhí a bhaint as sonraí ardchaighdeáin agus tráthúla, amhail i ndáil le cosc ar dhamáiste agus deiseanna nua gnó ó dheimhniú aistrithe carbóin nó ó íocaíochtaí as seirbhísí éiceachórais. Ina theannta sin, cuireann sé cosc ar an Aontas leas iomlán a bhaint as acmhainneacht na bhforbairtí teicneolaíochta agus na nuálaíochta digití, go háirithe sa réimse um fhaire na cruinne, rud a rachadh chun tairbhe FBManna go mór.<br>Thairis sin, ní théann formhór na n-ionstraimí pleanála náisiúnta thar thimthriall pleanála 10 mbliana. Tá gá le hanailís agus comhtháthú iomlánaíoch agus fadtéarmach ar bheartais agus ar éilimh shochaíocha a bhaineann le foraoisí chun aghaidh a thabhairt ar an riosca go leagfar síos spriocanna nó cuspóirí beartais atá comheisiatach. |
| **Cad é ba cheart a bhaint amach?** |
| Is é an cuspóir ginearálta creat faireacháin ar fhoraoisí ar fud an Aontais a fhorbairt, arb é is aidhm dó cuidiú leis an gcuspóir a bhaint amach maidir le foraoisí sláintiúla athléimneacha a bheith ann, rud atá bunriachtanach do thiomantas an Aontais an t-athrú aeráide a chomhrac, an bhithéagsúlacht a chaomhnú agus a athbhunú, agus leibhéal caomhnaithe, cosanta agus cáilíochta an chomhshaoil a fheabhsú. Chuige sin, is é is aidhm don ghníomhaíocht atá beartaithe sonraí coiteanna digitithe, comhsheasmhacha, inchomparáide, tráthúla agus inrochtana a áirithiú, agus creat comhleanúnach a chur ar bun chun pleanáil fhadtéarmach chomhtháite foraoisí a fhorbairt. Táthar ag súil go dtacóidh sé sin le hoiriúnú foraoisí don athrú aeráide, le cosc ar thubaistí a neartú agus le hullmhacht i leith tubaistí a neartú, agus le comhsheasmhacht cuspóirí beartais éagsúla a bhaineann le foraoisí a áirithiú. baineann an tionscnamh seo le sonraí agus eolas níos fearr agus ní dhéanann sé difear do roghanna agus do chuspóirí beartais na mBallstát maidir le bainistiú foraoisí. |
| **Cad é an breisluach atá le beart a dhéanamh ar leibhéal an Aontais (coimhdeacht)?** |
| Trí ghníomhaíocht a dhéanamh ar leibhéal an Aontais, laistigh de theorainneacha na gcuspóirí nach féidir leis na Ballstáit a bhaint amach go leordhóthanach nó ar an mbealach is éifeachtaí in éagmais creat de chuid an Aontais, chuirfí breisluach soiléir ar fáil i dtéarmaí comhsheasmhachta agus éifeachtúlachta eacnamaíche. Tá bonn cirt le gníomhaíocht ar leibhéal an Aontais i ngeall ar scála |

agus ar chineál trasteorann na faidhbe, i ngeall ar na tionchair ar dhaoine ar fud an Aontais, ar na rioscaí do gheilleagar an Aontais ó shuaitheadh atá ag dul i méid, agus ar an ngá le faireachán a dhéanamh ar éifeachtaí bheartais agus reachtaíocht an Aontais agus le réamh-mheas a dhéanamh ar an ngá le hathruithe beartais d'fhonn spriocanna a bhaint amach.

## B. Réitigh

**Cad iad na roghanna lenar féidir na cuspóirí a bhaint amach?**

Tá Rogha 1 bunaithe ar chomhordú deonach trí threoirlínte an Choimisiúin agus trí chomhroinnt an dea-chleachtais, trí shainghrúpa tiomnaithe freisin, chun bailiú náisiúnta sonraí a chomhchuibhiú agus chun creataí agus sásraí pleanála foraoisí a neartú.

Tá an méid seo a leanas mar phríomhghnéithe i Rogha 2.1: (i) creat nua de chuid an Aontais a chur ar bun lena n-áirítear comhchuibhiú agus/nó caighdeánú táscairí foraoise agus tuairisciú éigeantach chuig ardán coiteann maidir leis na táscairí sin a cheanglaítear le reachtaíocht an Aontais nó a áirítear i gcórais faireacháin idirnáisiúnta atá ábhartha do chuspóirí beartais an Aontais; (ii) úsáid éigeantach a bhaint as faire na cruinne agus an fhéidearthacht a bheith ag na Ballstáit roghnú a bheith páirteach i gcóras de chuid an Aontais atá bunaithe ar Copernicus; agus (iii) pleanáil chomhtháite éigeantach fhadtéarmach foraoisí bunaithe ar ghnéithe coiteanna comhaontaithe atá le cur san áireamh.

I gcomparáid le rogha 2.1, rogha 2.2: (i) go gcumhdófar leis táscairí a shíneann níos faide ná córais faireacháin agus tuairiscithe an Aontais agus níos faide ná córais faireacháin agus tuairiscithe idirnáisiúnta atá ann faoi láthair, amhail tosaíochtaí beartais; (ii) ceanglaítear ar an gCoimisiún córas faireacháin talún aonair a oibriú a mbeadh oibleagáid ar na Ballstáit sonraí breise a sholáthar maidir lena bhforaoisí; agus (iii) ceanglaítear ar an gCoimisiún moltaí neamhcheangailteacha a eisiúint maidir leis na pleananna foraoise comhtháite.

Glacann Rogha 3 cur chuige hibrideach, lena gcomhcheanglaítear gnéithe deonacha rogha 1 maidir le pleanáil fhadtéarmach leis na gnéithe éigeantacha maidir le faireachán foraoisí (le haghaidh sonraí talún agus sonraí um fhaire na cruinne araon) de rogha 2.2.

Cuireadh roghanna lena gcumhdaítear maoiniú spriocdhírithe an Aontais agus rannpháirtíocht idirnáisiúnta neartaithe i leataobh go luath.

Is é meascán de rogha 2.1 agus de rogha 2.2 rogha na tosaíochta. Chlúdófaí leis an liosta níos leithne táscairí, úsáid éigeantach as faire na cruinne agus rogha a bheith páirteach ann do na Ballstáit, agus eisiúint moltaí neamhcheangailteacha a bheith ann maidir leis na pleananna fadtéarmacha ag an gCoimisiún. Maidir leis na táscairí, chuirfí cur chuige céim ar chéim i bhfeidhm. Ar an gcéad dul síos, bhreithneofaí liosta teoranta táscairí lena gcur san áireamh sa togra reachtach bunaithe ar a n-ábharthacht, ar an leibhéal reatha comhchuibhithe, faireacháin agus tuairiscithe, agus ar an ngá atá le taifeach spásúil nó ama níos airde. Níos déanaí, bhreithneofaí táscairí eile lena gcur san áireamh, agus moltaí ó shainghrúpa tiomnaithe á gcur san áireamh freisin.

**Cad iad tuairimí na bpáirtithe leasmhara éagsúla? Na páirtithe leasmhara éagsúla agus na bearta is rogha leo**

Léiríodh sa ghlao ar fhianaise comhaontú leathan i measc geallsealbhóirí gur cheart do líonra faireacháin foraoisí ar fud an Aontais tógáil ar shonraí fardail foraoisí náisiúnta atá ann cheana, chun an riosca go ndéanfaí sonraí a dhúbailt a laghdú. Sa chomhairliúchán poiblí oscailte, ba nós le comhlachais ghnó, cuideachtaí, úinéirí foraoisí agus údaráis phoiblí tosaíocht a léiriú do na Ballstáit leanúint de na córais faireacháin reatha. I gcodarsnacht leis sin, ba nós le heagraíochtaí comhshaoil, soláthraithe sonraí foraoise, an pobal i gcoitinne a bheith i bhfabhar comhtháthú níos fearr a dhéanamh ar chórais faireacháin, le caighdeánú a dhéanamh ar mhodhanna faireacháin foraoisí.

Luaigh formhór na bhfreagróirí go bhfuil buntáistí ann do phleanáil fhadtéarmach foraoisí. Ba iad na tairbhí ba mhinice a luadh dearcadh iomlánaíoch maidir le stádas agus treochtaí foraoise chomh maith le comhordú foriomlán. Mar sin féin, cheistigh roinnt freagróirí breisluach na pleanála straitéisí ar leibhéal an Aontais, go háirithe údaráis phoiblí. Chuaigh saineolaithe na mBallstát i gcomhairle leo

| |
|---|
| cé gur léirigh grúpa saineolaithe tiomnaithe tacaíocht ghinearálta d'fhaisnéis chomhchuibhithe nó chaighdeánaithe maidir le staid agus forbairt fhoraoisí an Aontais agus iad ag cur in iúl ag an am céanna gur gá tógáil ar an mbonneagar faireacháin atá ann cheana agus dúbailt a sheachaint. |
| **C. Tionchar rogha na tosaíochta** |
| **Cad iad na buntáistí a bhaineann le rogha na tosaíochta?** |
| Tá rogha na tosaíochta saincheaptha chun sonraí coiteanna nua-aimseartha, digitithe, comhsheasmhacha, inchomparáide, tráthúla agus inrochtana maidir le staid foraoisí an Aontais a áirithiú, agus chun a áirithiú go bhfoilseoidh na Ballstáit uile pleananna foraoise fadtéarmacha comhtháite bunaithe ar fhaisnéis faireacháin ar ardchaighdeán a bhaineann le cuspóirí beartais ábhartha an Aontais. Dá bhrí sin, tagann na buntáistí is mó as creat a chur ar bun ar fud an Aontais maidir le faireachán ar fhoraoisí agus pleanáil fhadtéarmach chomhtháite foraoisí.<br>Sa chás a ndearnadh staidéar air, is gnách go ndéantar na costais eacnamaíocha reatha a fhritháireamh cheana féin leis na tairbhí eacnamaíocha inchainníochtaithe a bhaineann le húsáid mhéadaithe fhaire na cruinne (a mheastar a bheith idir EUR 28 milliún agus EUR 37 milliún faoi 2035 le haghaidh faireachán ar achar clúdaigh crainn), gan na tairbhí comhshaoil agus sóisialta breise do-chainníochtaithe – ach an-suntasach – a chur san áireamh. Áirítear orthu sin tairbhí ó chinnteoireacht fheabhsaithe bunaithe ar na sonraí níos fearr i réimsí an mhaolaithe aeráide (cur chun feidhme feabhsaithe an Rialacháin maidir le húsáid talún, athrú ar úsáid talún agus foraoiseacht, agus bainistiú feabhsaithe ar linn charbóin foraoise), athléimneacht foraoise (tacú le cosc agus luathghníomhaíocht), cur i gcoinne lománaíocht agus dífhoraoisiú neamhdhleathach agus/nó soláthar inbhuanaithe acmhainní agus seirbhísí foraoise a áirithiú.<br>Leis an tionscnamh, tairgfear go leor deiseanna fáis agus nuálaíochta do ghnólachtaí Eorpacha, go háirithe do FBManna. Beidh ról níos mó ag an gcianbhraiteacht i bhfaireachán ar fhoraoisí ná mar atá faoi láthair, rud a thairgfidh go leor féidearthachtaí do FBManna atá gníomhach i dtaca le híomhánna satailíte, próiseáil sonraí, agus seirbhísí a bhaineann le foraoisí agus foraoiseacht a fháil agus a phróiseáil, lena n-áirítear seirbhísí comhairleacha. |
| **Cad iad na costais a bhaineann le rogha na tosaíochta? An imreofar tionchar suntasach ar bhuiséid agus ar riaracháin náisiúnta?** |
| Bheadh sé de fhreagracht ar údaráis phoiblí faireachán, tuairisciú agus pleanáil chomhtháite a dhéanamh, mar sin beidh ar na Ballstáit tacú leis an aistriú ó thaobh airgeadais de, agus cistí an Aontais atá ar fáil á n-úsáid acu freisin. Bheadh tionchar eacnamaíoch measartha suntasach ag comhchuibhiú agus caighdeánú éigeantach na dtáscairí roghnaithe ar bhuiséad poiblí na mBallstát, ag brath ar an staid reatha i mBallstáit aonair. Bheadh na costais is airde i mBallstáit ina mbeadh gá le córas nua talamhbhunaithe ina mbeadh dáileachtaí talún samplála leordhóthanacha le cur ar bun nó ina mbeadh gá le méadú ar mhinicíocht an fhardail foraoise náisiúnta. Tabhóidh na Ballstáit a bhfuil córais forbartha acu cheana costais bhreise níos ísle, agus féadfaidh córas an Aontais atá bunaithe ar Copernicus tacú leo siúd a bhfuil córais faireacháin nach bhfuil chomh forbartha céanna acu.<br>Na sainmhínithe agus na modhanna comhchuibhithe a chur i bhfeidhm ar na costais bhailithe sonraí iarbhír ar an meán thart ar EUR 10 000 in aghaidh an táscaire in aghaidh an Bhallstáit. Is ionann meánchostas bliantúil an fhaireacháin ar fhoraoisí trí fhardail náisiúnta foraoise i dtrí thír shamplacha agus EUR 42/km$^2$ de limistéar foraoise. |
| **Cén tionchar a imreofar ar FBManna agus ar an iomaíochas?** |
| Ní áirítear le haon cheann de na roghanna beartais aon oibleagáidí rialála a bheadh infheidhme go díreach maidir le gnólachtaí. I gcás eisceachtúil táscairí a bhaineann le táirgeadh agus le húsáid adhmaid agus táirgí foraoise neamhadhmaid, d'fhéadfadh roinnt oibleagáidí tuairiscithe indíreacha teacht chun cinn ach meastar go mbeadh costais dhiomaibhseacha ag baint leo. I gcodarsnacht leis sin, mar gheall ar ról níos mó um fhaire na cruinne, tairgfear leis an tionscnamh go leor deiseanna fáis agus nuálaíochta do FBManna atá gníomhach i dtaca le híomhánna satailíte, próiseáil sonraí, |

| |
|---|
| agus seirbhísí a bhaineann le foraoisí agus foraoiseacht a fháil agus a phróiseáil, lena n-áirítear seirbhísí comhairleacha. Sainaithníodh sochair freisin do bhainisteoirí foraoise atá toilteanach dul isteach i scéimeanna deimhniúcháin agus scéimeanna dreasachta le haghaidh íocaíochtaí le haghaidh seirbhísí éiceachórais foraoise, a bheidh in ann brath ar shonraí foraoise ardchaighdeáin. Táthar ag súil go mbeidh tairbhí móra ag baint le ról níos mó na dteicneolaíochtaí agus na gcóras tuairiscithe nua-aimseartha um fhaireachán ar fhoraoisí, agus ardteicneolaíocht á húsáid acu, i dtéarmaí an digitithe, i gcomhréir le cuspóirí an chláir oibre dhigitigh don Eoraip. |
| **An mbeidh aon tionchar suntasach eile i gceist?** |
| In ainneoin gur deacair iad a chainníochtú go díreach mar is minic a bhíonn siad indíreach, soláthróidh rogha na tosaíochta buntáistí suntasacha comhshaoil agus sóisialta maidir le maolú ar an athrú aeráide, sláinte agus athléimneacht foraoise, an bhithéagsúlacht agus dálaí éiceachórais, speicis choimhthíocha ionracha, agus cur i gcoinne dífhoraoisiú agus logáil neamhdhleathach. Tríd an méid sin a dhéanamh, cruthófar níos mó muiníne i sonraí foraoise ó pháirtithe leasmhara éagsúla agus tacófar le soláthar inbhuanaithe acmhainní agus seirbhísí foraoise. |
| **Comhréireacht** |
| Tá an meascán de ghnéithe a roghnaítear i rogha na tosaíochta comhréireach toisc go bhfuil sé teoranta go soiléir do na gnéithe sin nach féidir leis na Ballstáit a bhaint amach go sásúil astu féin, agus i gcás ina bhfuil gá le comhchuibhiú ar leibhéal an Aontais. Chuige sin, ní cheanglaítear ar na Ballstáit ach sonraí foraoise a bhailiú atá nasctha le reachtaíocht an Aontais agus le cuspóirí beartais an Aontais. Thairis sin, beidh an rialachán atá beartaithe bunaithe ar chomhroinnt sonraí comhchuibhithe ó chórais náisiúnta bailithe sonraí atá ann cheana. Íoslaghdófar leis sin a mhéid a bheidh ar na Ballstáit a modhanna fála sonraí a oiriúnú. Is féidir leis na Ballstáit atá ag brath ar chórais faireacháin foraoise níos forbartha leanúint dá gcuid sonraí féin a úsáid (rogha a bheith páirteach), sonraí a dhéanfar a chomhchuibhiú chun comhoiriúnacht a áirithiú ar fud an Aontais. Ní bheadh rannpháirtíocht an Aontais i roghanna agus i gcuspóirí beartais bainistíochta foraoise na mBallstát mar thoradh ar aon rogha. |
| **D. Obair leantach** |
| **Cathain a dhéanfar athbhreithniú ar an mbeartas?** |
| Ceapfaidh an Coimisiún plean bunaithe ar shraith garspriocanna chun rianú a dhéanamh ar chur chun feidhme na mbeart is gá chun na cuspóirí sonracha a bhaint amach i gcoinne creat ama ar leith. Déanfaidh an Coimisiún faireachán freisin ar rolladh amach agus ar thionchar na mbeart ar bhonn rialta agus úsáid á baint as critéir shonracha. Ar deireadh, déanfaidh an Coimisiún meastóireacht, i bhfianaise thuairisciú na mBallstát ar na pleananna fadtéarmacha comhtháite, agus cuirfidh sé faoi bhráid na Comhairle agus na Parlaiminte í. |